AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

(300 marc)

Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.

Freagair ceithre cheist ó Roinn 2 mar seo a leanas:

Ceist amháin ó Chuid 1

Dhá cheist ó Chuid 2

Agus ceist amháin eile ó Chuid 1 nó Cuid 2

# Roinn 2 Cuid 1

## Daoine i nGnó

**Ceist 1** (75 marc)

Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> D'oibrigh David Owens i gcomhlacht ríomhaireachta ar feadh dhá bhliain agus tá ráite leis nach bhfuil sé ag teastáil níos mó. Maíonn David gur briseadh as a phost é toisc go raibh baint aige le stailc. Maíonn an bhainistíocht gur chaill siad ordú mór de bharr na stailce agus nach bhfuil post David ag teastáil níos mó sa chomhlacht.

(A) Ainmnigh an dlí a thugann cosaint don fhostaí sa chás seo. (10 marc)

(B) Luaigh modh amháin chun an fhadhb thuas a réiteach agus dhá chúis chun duine a bhriseadh go cóir. (15 marc)

(C) Mínigh príomhfheidhmeanna ceardchumainn. (20 marc)

> Ar na gnéithe de dhlí na gconarthaí tá:
> Tairiscint, glacadh, inniúlacht, intinn conradh a dhéanamh agus comaoin.

(D) Sainmhínigh conradh (10 marc)

(E) Mínigh dhá cheann ar bith de ghnéithe dlí na gconarthaí atá luaite thuas. (20 marc)

## Timpeallacht Intíre

**Ceist 2** (75 marc)

Léigh an t-eolas a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Tá bunú cuideachta teoranta príobháidí rialaithe ag reachtaíocht.

(A) Ainmnigh an dlí a rialaíonn bunú cuideachta teoranta. (10 marc)

(B) Mínigh cad a chiallaíonn cuideachta theoranta phríobháideach. (15 marc)

(C) Luaigh trí chúis a dteastódh ó ghnólacht a bheith ina chuideachta theoranta phríobháideach. (15 marc)

(D) Déan idirdhealú idir Airteagail Chomhlachais agus Meabhrán Comhlachais. (15 marc)

(E) Ar na daoine a bhíonn i gcuideachta, tá 'scairshealbhóirí', 'stiúrthóirí', 'iniúchóirí', agus 'rúnaí comhlachta'. Mínigh ról beirt ar bith díobh seo. (20 marc)

## Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

**Ceist 3** (75 marc)

(A) Mínigh na buntáistí a bhaineann le fiontair faoi úinéireacht stáit. (10 marc)

(B) Liostáil dhá bhealach ina bhfuil tionchar ag an stát ar ghnó. (10 marc)

(C) Conas atá forbairtí i dTeicneolaíocht an Eolais taréis dul i bhfeidhm ar Thrádáil Idirnáisiúnta? (15 marc)

(D) Mínigh cómhargáil agus liostáil trí cinn de na príomh-gheallsealbhóirí sa phróiseas. (25 marc)

(E) Pléigh na deiseanna do ghnó na hÉireann i bhfianaise an Airgeadra Eorpaigh Aonair (An Eora). (15 marc)

# Roinn 2 Cuid 2

| Bainistíocht 1 |
|---|

**Ceist 4** (75 marc)

Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Is í Máire Seoighe cathaoirleach chlub lúthchleasaíochta Greenfields. Bhuail sí leis an rúnaí, Micheál Mac Gabhann, chun eagrú an Chruinniú Ghinearálta Bhliantúil (CGB) a phlé leis. D'aontaigh siad beirt gurbh é Meitheamh 30, 2001 an dáta ba oiriúnaí chuige agus gur cheart an cruinniú a thionól in ionad pobail Greenfields ar 8.00 p.m.
>
> Dúirt Micheál go mbeadh na miontuairiscí réidh aige faoin am sin. Dúirt Máire go raibh mórán comhfhreagrais faighte aici ó Shasana faoi ócáid lúthchleasaíochta i mí Iúil agus go luafadh sí é seo ag an C.G.B. Ar na nithe eile a chaithfí a phlé bhí, urraíocht don bhliain seo chugainn agus toghadh oifigeach nua don chlub.

(A) Cad a chiallaíonn 'CGB/(AGM)' ? (5 marc)

(B) Dréachtaigh an fógra agus clár gnó don chruinniú a socraíodh de thoradh an chomhrá idir Máire agus Micheál.
(25 marc)

(C) Luaigh dhá dhualgas ar Chathaoirleach agus dhá dhualgas ar Rúnaí ag CGB (20 marc)

(D) Déan cur síos ar an aidhm atá ag cruinniú agus rianaigh buanna cruinnithe mar mhodh cumarsáide.
(15 marc)

(E) Mínigh cad is brí le 'téarmaí tagartha'. (10 marc)

| Bainistíocht 1 agus 2 |
|---|

**Ceist 5** (75 marc)

Déan staidéar ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

| Praghas comparáideach peitril in aghaidh an líotair in Éirinn ó Eanáir go Bealtaine 2000 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (i) Éire | Eanáir 52p | Feabhra 58p | Márta 64p | Aibreán 66p | Bealtaine 75p |
| Praghas comparáideach peitril in aghaidh an líotair i dtíortha éagsúla Bealtaine 2000 | | | | | |
| (ii) Bealtaine 2000 | Éire 75p | Ríocht Aontaithe 84p | An Fhrainc 69p | An Ghréig 52p | Stáit Aonaithe Mheiriceá 27p |

(A) Dréachtaigh graf líneach a léiríonn an t-eolas faoi phraghas an pheitril in Éirinn ó Eanáir go Bealtaine mar atá ag (i) thuas agus déan trácht ar an eolas atá léirithe. (15 marc)

(B) Dréachtaigh barrachairt praghsanna peitril sna tíortha éagsúla Bealtaine 2000 mar atá ag (ii) thuas agus déan trácht ar an eolas atá léirithe. (15 marc)

(C) Déan cur síos ar na tionchair a bheadh ag ardú ar phraghsanna peitril ar ghnólacht agus ar theaghlach araon. (20 marc)

(D) Mínigh an cuspóir atá ag réamhfhaisnéis shreabhadh airgid thirim i gcás teaghlaigh. (10 marc)

(E) Rianaigh dhá fhoinse chomónta airgeadais i dteaghlach agus i ngnólacht agus mínigh ceann amháin díobh.
(15 marc)

## Gnó i ngníomh

Ceist 6 (75 marc)

Déan staidéar ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Cuideachta í BND Tta. a tháirgeann seinnteoirí DVD. Is gá eolas a bhailiú a bhaineann le U.S.P. a dtáirge, an margadh poitéinsiúil agus custaiméirí. Bainfidh siad leas as taighde deisce agus taighde allamuigh araon chun sonraí a bhailiú.

(A) Cad a chiallaíonn an téarma P.D.S. (U.S.P.)? (5 marc)

(B) Déan idirdhealú idir taighde deisce agus taighde allamuigh agus léirigh do fhreagra le samplaí díobh araon. (20 marc)

(C) Luaigh trí mhodh ab fhéidir a úsáid chun táirgí BND Tta. a chur chun cinn. (15 marc)

(D) Dréachtaigh léaráid agus cuir lipéid uirthi de shaolré táirge. (20 marc)

(E) Mínigh trí cinn de phríomhfheidhmeanna na fógraíochta. (15 marc)

## Bainistíocht Gnó i ngníomh

Ceist 7 (75 marc)

Déan staidéar ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Cuntasóir le Allied Electronics é Gearóid Ó Mathúna. Tá sé ag ullmhú tuarascáil airgeadais do Shinéad Ní Chochláin Stiúrthóir Bainistíochta.

D'ullmhaigh Gearóid cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Clár Comhardaithe. Fuair sé amach gurbh é 15% Brabús Glan na cuideachta agus gur 25% ab ea an Toradh ar Infheistíocht. Sliocht as an gClár Comhardaithe an méid seo a leanas.

| Clár Comhardaithe | | (sliocht) |
|---|---|---|
| | 2001 | 2000 |
| | Éir£ | Éir£ |
| Sócmhainní reatha | 80,000 | 120,000 |
| Dliteanais reatha | 160,000 | 80,000 |
| Stoc deiridh | 40,000 | 20,000 |

(A) Cad a chiallaíonn na litreacha T ar I (R.O.I.) agus B agus C (P & L)? (10 marc)

(B) Áirigh an cóimheas chaipiteal oibre do na blianta 2000 agus 2001. (20 marc)

(C) Áirigh an cóimheas fíorthástála do na blianta 2000 agus 2001. (20 marc)

(D) Dréachtaigh an tuarascáil airgeadais a rianaíonn brabúsacht agus leachtacht na cuideachta.(20 marc)

(E) Déan idirdhealú idir féichiúnaí agus creidiúnaí. (5 marc)

Ceist 8 (75 marc)

Déan staidéar ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Bhunaigh Micheál Ó Briain comhlacht earcaíochta ina bhfuil caoga fostaí agus ritheann sé an comhlacht ó lá go lá. Ceannaire a thugann dea-shampla ina chuid oibre é Micheál agus is fear maith foirne é. Ba mhaith leis a chuid fostaithe a chúiteamh mar gheall ar a gcuid smaointe agus an obair bhreise atá déanta acu ar mhaithe le rath na cuideachta, agus tá sé ag breithniú bealaí le cúiteamh airgid agus neamhairgeadúil araon a thabhairt dóibh.

(A) Déan idirdhealú idir pá comhlán agus pá glan fostaí. (10 marc)

(B) Léirigh cad a chiallaíonn cúiteamh neamhairgeadúil d'fhostaí. (10 marc)

(C) Mínigh na buntáistí atá ag scéim pháirtiú i mbrabús d'fhostaí. (15 marc)

(D) Rianaigh cad is brí le fiontraí agus léirigh dhá thréith de chuid fiontraí. (20 marc)

(E) Luaigh dhá chineál ceannaireachta agus mínigh ceann amháin díobh. (20 marc)

***LEATHANACH BÁN***